2026/1163

27.5.2026

CINNEADH (AE) 2026/1163 ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Bealtaine 2026

maidir le síniú an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), Airteagal 100(2) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Bealtaine 2016, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tús a chur le caibidlíocht agus nuachóiriú an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile ([1]) a chaibidliú. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil an 17 Eanáir 2025.

(2) Bhí dhá ionstraim dhlíthiúla chomhthreomhara mar thoradh ar an gcaibidlíocht. Is é an chéad ionstraim an Comhaontú maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile, dá ngairtear 'an Comhaontú Iltíreach Nuachóirithe' go coitianta, a chuimsíonn colún idirphlé polaitiúil agus comhair agus an colún trádála agus infheistíochta, lena n-áirítear forálacha cosanta infheistíochta. Is é an dara hionstraim an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo ('an Comhaontú Eatramhach'), lena gcumhdaítear léirscaoileadh trádála agus infheistíochta. Scoirfidh an Comhaontú Eatramhach d'éifeacht a bheith aige agus cuirfear an Comhaontú Iltíreach Nuachóirithe ina ionad ar a theacht i bhfeidhm.

(3) Is é is cuspóir don Chomhaontú Eatramhach trádáil agus infheistíocht mhéadaithe agus inbhuanaithe a chothú idir na Páirtithe trína gcaidrimh eacnamaíocha agus thrádála a leathnú agus a éagsúlú agus trí dheiseanna nua a chruthú d'oibrithe agus do ghnólachtaí araon, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus rannchuidiú á dhéanamh san am céanna le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ina ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú Eatramhach a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo a fhormheas, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin ([2]).

([1]) IO L 276, 28.10.2000, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2000/658/oj.
([2]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe Eatramhaigh in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Bealtaine 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS